# 2012

# MEASTACHÁIN

## FÁLTAS agus CAITEACHAIS

DON

# BHLIAIN DAR CRÍOCH
# 31 NOLLAIG 2012

Arna n-ullmhú ag an Rialtas agus arna gcur faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir fhorálacha Airteagal 28 den Bhunreacht.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS, CONTAE MHAIGH EO,
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 094 - 789964 nó 01- 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALES OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO MAYO
(Tel: 01 - 6476834 OR 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)
or through any bookseller

(Prn. A11/2118) Price €1.00

## NÓTAÍ MÍNITHE

**1. An bunús leis na figiúirí**

Na figiúirí a thaispeáintear i leith fáltas agus caiteachais in 2011, is aschuir réamh-mheasta iad agus léiríonn siad an t-eolas reatha. Tá siad faoi réir athchóirithe nuair a bheidh figiúirí dheireadh na bliana ar fáil. Beidh sonraí lán-iniúchta ar fáil don bhliain 2011 sna *Cuntais Airgeadais 2011* agus sna *Cuntais Leithghabhála 2011* a fhoilseofar faoi 30 Meán Fómhair 2012 ar a dhéanaí.

**2. Ioncam**

Tá an t-aschur tuartha de €34,175 milliún i leith ioncam cánach don bhliain 2011 bunaithe ar shonraí an Státchiste ag deireadh mhí Shamhna. Tá seo i gcomparáid leis an sprioc de €34,900 milliún i mBuiséad 2011. Tá an meastachán ar ioncam do 2012 i gcomhréir leis an tuar athchóirithe ar aschur do 2011, agus tá sé bunaithe ar an dlí cánach atá i bhfeidhm faoi láthair, agus tá sé ar bhonn réamh-Bhuiséid.

**3. Caiteachas**

Tá na figiúirí aschuir réamh-mheasta don bhliain 2011 de réir mar a chuir Ranna agus Oifigí iad in iúl. Beidh figiúirí d'eisiúintí ag deireadh na bliana ar fáil go luath i mí Eanáir 2012.

San Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas 2012-14 leagfar amach miondealú mionsonraithe ar chaiteachas agus cinntí buiséadacha san áireamh i dteannta faisnéis bhreise ón Aire/Roinn ábhartha.

**4. Leithghabhálacha-i-gCabhair**

Taispeáintear caiteachais vótáilte agus iad glan ar Leithghabhálacha-i-gCabhair. Is fáltais iad seo ar féidir le Roinn nó Oifig, le toiliú na Dála, iad a choinneáil mar fhritháireamh ar chaiteachas in ionad iad a íoc isteach i gCuntas Státchiste an Lárchiste.

**5. Réamh-mhaoiniú dliteanas pinsean amach anseo**

San Acht um an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000 (CNP) foráiltear go ndéanfar cuid den chostas amach anseo ar phinsin leasa shóisialaigh agus ar phinsin seirbhíse poiblí a réamh-mhaoiniú, agus go gcuirfear ar leataobh gach bliain 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) mheasta chun na críche seo. Tá leasú déanta ar an reachtaíocht atá mar bhonn ag an CNP d'fhonn ligean don Aire Airgeadais an ranníocaíocht bhliantúil ón Státchiste don CNP a chur ar fionraí nó a laghdú in 2012, agus níl aon soláthar curtha san áireamh sna figiúirí.

**6. An Comhardú Rialtais Ghinearálta (Tábla 1(a))**

Is tomhas é an Comhardú Rialtais Ghinearálta (CRG) ar fheidhmíocht fhioscach na hearnála Rialtais Ghinearálta go léir, ar a n-áirítear an Státchiste, an Ciste

Íoctar ranníocaíochtaí ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ní cuid iad den ioncam a íoctar isteach sa Státchiste, ach imríonn siad tionchar ar an gComhardú Rialtais Ghinearálta.

Dá bharr sin, ní áirítear idirbhearta atá laistigh d'earnáil an Rialtais Ghinearálta i dtaca leis an CRG: mar shampla, ní athraíonn íocaíocht ón Státchiste isteach sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean an Comhardú Rialtais Ghinearálta.

Is ceisteanna le réiteach iad ag Eurostat (Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh) scóip earnáil an Rialtais Ghinearálta, agus an chaoi a gcinntear an bealach ceart cuntasaíochta ESA 95 le haghaidh idirbhearta Rialtais Ghinearálta.

I dTábla 1(a) ar leathanach 5 tugtar an measúnú is déanaí ar an CRG do 2011. Tá an figiúr don CRG do 2012 ar bhonn réamh-Bhuiséid agus braitheann sé ar an fhaisnéis fhioscach atá ar eolas ar 30 Samhain 2011. Ta na figiúirí CRG i dTábla 1(a) i gcomhréir le comharduithe an Státchiste i dTábla 1.

## 7. Leagan Béarla

Foilsítear an doiciméad seo i nGaeilge agus i mBéarla agus tá an dá leagan le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais www.finance.gov.ie

**TÁBLA 1**
**FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS GO hIOMLÁN**

| Féach fonóta (1) | *Tagairt* | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|
| | | €m | €m |
| **Fáltais** | | | |
| Reatha | *Tábla 2* | 36,737 | 38,081 |
| Caipiteal | *Tábla 2* | 2,485 | 1,825 |
| Iomlán | | 39,222 | 39,905 |
| **Caiteachas** | | | |
| Reatha | *Tábla 2* | 48,148 | 51,223 |
| Caipiteal | *Tábla 2* | 16,277 | 10,249 |
| Iomlán | | 64,425 | 61,471 |
| **Comhardú Státchiste** | | **-25,204** | **-21,566** |

Nóta: Is féidir le bailchruinniú dul i bhfeidhm ar shuimeanna iomlána

**TÁBLA 1(a)**
**COMHARDÚ RIALTAIS GHINEARÁLTA**

| Féach fonóta (1) agus (2) | | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|
| | | €bn | €bn |
| **Comhardú Rialtais Ghinearálta (féach para. 6, p. 4)** | | **- 15.6** | **- 16.2** |
| **% de OTI** | | **-10.1%** | **-10.0%** |

(1) Is ar bhonn theicniúil Réamh Bhuiséadach atá na figiúirí sna tablaí thuasluaite á sholáthar Ní chuimsítear iontu aon bheartais nua polasaI a bheidh á fhógairt i dtaca leis an bpróseas Meastacháin agus Buiséadach 2012

(2) Nuair a bhí figiúr an Easnaimh Rialtais Ghinearálta á thiomsú, déileáladh go sealadach mar idirbhearta airgeadais leis na hinstealltaí caipitil de €17 6 billiún a tugadh do na trí phríomhbhanc Éireannacha ar 1ú Iúil Tá pleananna gnó na mbanc seo á gcríochnú fós i gcomhráití leis an gCoimisiún Eorpach, agus nuair a chomhaontófar iad cinnfidh an CSO an bhfuil an socrú seo ag teacht le rialacha ESA95 Léireofar an toradh a bheidh air seo i dTuairisceán Maastricht ag deireadh Mhárta 2012

**TÁBLA 2**

**SONRAÍ NA bhFÁLTAS AGUS AN CHAITEACHAIS GO LÉIR**

| Féach fonóta (1) | *Tagairt* | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €m | €m |
| **Meastachán d'Fháltais agus de Chaiteachas – REATHA** | | | |
| **Fáltais** | | | |
| Ioncam Cánach | *Nóta 1, Lch. 7* | 34,175 | 35,585 |
| Ioncam Neamh-Chánach | *Nóta 1, Lch. 7* | 2,562 | 2,496 |
| Iomlán | | 36,737 | 38,081 |
| **Caiteachas** | | | |
| Glán-Vótáilte (Caiteachas Roinne a vótáiltear go bliantúil ag an Dáil) | *Nóta 2, Lch. 8* | 41,596 | 42,154 |
| Neamh-Vótáilte (Caiteachas neamh-dhiscréideach a ghearrtar go díreach ar an Lár-Chiste) | *Nóta 4, Lch. 9* | 6,552 | 9,069 |
| Iomlán | | 48,148 | 51,223 |
| **Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Reatha** | | **-11,411** | **-13,142** |
| **Meastachán Fáltas and Caiteachais – CAIPITEAL** | | | |
| **Fáltais** | | | |
| Fáltais Chapitil | *Nóta 5, Lch. 10* | 2,485 | 1,825 |
| **Caiteachas** | | | |
| Glan-Vótáilte (Caiteachas Roinne a vótáiltear go bliantúil ag an Dáil) | *Nóta 3, Lch. 8* | 4,318 | 4,383 |
| Neamh-Vótáilte (Caiteachas a ghearrtar go díreach faoi shainreachtaíocht) | *Nóta 6, Lch. 10* | 11,959 | 5,866 |
| Iomlán | | 16,277 | 10,249 |
| **Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Caipitil** | | **-13,792** | **-8,424** |
| **Comhardú Státchiste** | | **-25,204** | **-21,566** |

Nóta: Is féidir le bailchruinniú dul i bhfeidhm ar shuimeanna iomlána

(1) Is ar bhonn theicniúil Réamh Bhuiséadach atá na figiúirí sna tablaí thuasluaite á sholáthar Ní chuimsítear iontu aon bheartais nua polasaI a bheidh á fhógairt I dtaca leis an bpróseas Meastacháin agus Buiséadach 2012

**NÓTA 1**
**FÁLTAIS REATHA**

| Féach fonóta (1) | | |
|---|---|---|
| | **2011** | **2012** |
| **Ioncam cánach** | €m | €m |
| Custam | 240 | 245 |
| Mál | 4,690 | 4,735 |
| Cáin ar Ghnóthachain Chaipitil | 310 | 310 |
| Cáin ar Éadáil Chaipitil | 240 | 255 |
| Dleacht Stampála | 1,400 | 1,400 |
| Cain Ioncaim | 13,835 | 15,090 |
| Cáin Chorparáide | 3,730 | 3,790 |
| Cáin Bhreisluacha | 9,730 | 9,760 |
| **Iomlán** | **34,175** | **35,585** |
| **Ioncam Neamh-chánach** | | |
| An Banc Ceannais – Barrachas Ioncaim | 671 | 945 |
| Barrachas an Chrannchuir Náisiúnta | 230 | 220 |
| Díbhinní | 138 | 383 |
| Scéimeanna Urraithe (CIFS agus ELG) | 1,239 | 800 |
| Foirceannadh ar urrúsú Ulysses | - | 32 |
| Íocaíochtaí Úis Cheantar an Euro ar Shaoráid Iasachta don Ghréig | 16 | 16 |
| Fáltais Eile | 268 | 100 |
| **Iomlán** | **2,562** | **2,496** |

Nóta: Is féidir le bailchruinniú dul i bhfeidhm ar shuimeanna iomlána

(1) Is ar bhonn theicniúil Réamh Bhuiséadach atá na figiúirí sna tablaí thuasluaite á sholáthar Ní chuimsítear iontu aon bheartais nua polasaI a bheidh á fhógairt I dtaca leis an bpróseas Meastacháin agus Buiséadach 2012

**NÓTA 2**

**CAITEACHAS REATHA GLAN-VÓTÁILTE**

| Féach fonótaí (1), (2) agus (3) | **2011** | **2012** |
|---|---|---|
| **Seirbhís** | €000 | €000 |
| *Caiteachas Reatha Glan-Vótáilte (1)* | 41,655,034 | 42,153,950 |
| Lúide Comhorduithe Roinne (2) | 58,659 | - |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí Státchiste le haghaidh Caiteachas Glan-Vótáilte** | **41,596,375** | **42,153,950** |

(1) Léiríonn figiúirí 2011 an t-aschcur tuartha is déanaí de réir mar a chuir Ranna iad in iúl

(2) Is iad na comharduithe Roinne na méideanna sin a eisíodh as Cuntas Státchiste an Lár-Chiste le haghaidh caitheamh Roinne in aon bhliain amháin ach nár caitheadh ag deireadh na bliana agus a thugtar ar aghaidh lena n-úsáid sa bhliain dár gcionn Ní bhíonn aon éifeacht acu ar chaitheamh Roinne atá faoi réir an leithdháilte sna Meastacháin do Sheirbhísí Poiblí

(3) Is ar bhonn theicniúil Réamh Bhuiséadach atá na figiúirí sna tablaí thuasluaite á sholáthar Ní chuimsítear iontu aon bheartais nua polasaI a bheidh á fhógairt I dtaca leis an bpróseas Meastacháin agus Buiséadach 2012

**NÓTA 3**

**CAITEACHAS CAIPITIL GLAN-VÓTÁILTE**

| Féach fonótaí (1), (2) agus (3) | **2011** | **2012** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Iomán an Chaiteachais Chaipitil Ghlan-Vótáilte** | **4,318,096** | **4,382,849** |

(1) Meastar Fáltais Chaipitil Vótáilte mar shuimeanna de €315 milliún in 2011, agus de €307 milliún in 2012 Déantar glanmhéideanna díobh sa tábla thuas

(2) Fógróidh an tAire na leithdháiltí caipitil do Vótaí aonair maidir le 2012 sa Bhuiséad atá romhainn anois beag agus is ar bhonn réamh-Bhuiséid atá an t-iomlán don bhliain 2012 a thaispeáintear thuas

(3) Is ar bhonn theicniúil Réamh Bhuiséadach atá na figiúirí sna tablaí thuasluaite á sholáthar Ní chuimsítear iontu aon bheartais nua polasaI a bheidh á fhógairt I dtaca leis an bpróseas Meastacháin agus Buiséadach 2012

**NÓTA 4**
## CAITEACHAS REATHA NEAMH-VÓTÁILTE

| Féach fonótaí (1), (2) agus (3) | **2011**<br>€m | **2012**<br>€m |
|---|---|---|
| Fónamh ar an bhFiachas Náisiúnta [(1)] | 4,904 | 7,488 |
| ***Caiteachas Reatha Neamh-Vótáilte Eile*** | | |
| Ranníocaíocht le Buiséad an AE | 1,355 | 1,340 |
| Íocaíochtaí le PSE Kinsale Energy Ltd. (An tAcht Airgeadais 1992) | 3 | 5 |
| Costais Thoghchánaíochta | 4 | 0 |
| Tuarastail agus pinsin do bhreithiúna agus do shealbhóirí Oifige Bunreachtúla agus Pinsin agus liúntais do bhaill áirithe nó d'iarbhaill an Oireachtais | 59 | 53 |
| Íocaíochtaí le Páirtithe Polaitiúla faoi na hAchtanna Toghchánacha | 5 | 5 |
| Síntiús leis an gCumann Forbraíochta Idirnáisiúnta [(2)] | 18 | 24 |
| Táillí Poist um Thoghchán (Acht P&T 1983) | 28 | 5 |
| Coimisiún an Oireachtais | 127 | 116 |
| Ciste um Fhorbraíocht Áiseach | 10 | - |
| Ilghnithe | 39 | 33 |
| Fo-Iomlán | 1,648 | 1,581 |
| Iomlán | **6,552** | **9,069** |

Nóta: Is féidir le bailchruinniú dul i bhfeidhm ar shuimeanna iomlána

(1) Den chostas iomlán measta de €5,504 milliún chun fónamh ar an bhfiachas náisiúnta in 2011, tagann €4,904 as an Státchiste agus an fuílleach as Cuntas Fuascailte na Seirbhísí Caipitil.

(2) San áireamh tá an Cúigiú Athsholáthar Déag (€18m) agus an Séú Athsholáthar Déag (€6m) in 2012.

(3) Is ar bhonn theicniúil Réamh Bhuiséadach atá na figiúirí sna tablaí thuasluaite á sholáthar. Ní chuimsítear iontu aon bheartais nua polasaI a bheidh á fhógairt I dtaca leis an bpróseas Meastacháin agus Buiséadach 2012.

## NÓTA 5
## FÁLTAIS CHAIPITIL EILE

| Féach fonóta (1) | 2011<br>€m | 2012<br>€m |
|---|---|---|
| ***Fáltais AE*** | | |
| | 11 | 27 |
| An Ciste Comhtháthaithe | 38 | 140 |
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa | 1 | - |
| Líonraí Tras-Eorpacha agus Fáltais AE eile | - | - |
| ***Cothromas*** | | |
| Díol scaireanna Bhanc na hÉireann | - | - |
| ***Fáltais Chaipitil eile*** | | |
| Díol Ceadúnas Teileafónaíochta Soghluaiste | - | - |
| FEOGA | 10 | 178 |
| GFT (*IDA* ), FÁS and Fiontar Éireann | 673 | 770 |
| Aistriú ón Vóta Comhshaoil maidir leis an gCiste Carbóin | 34 | - |
| Liúntaisí Carbóin | 4 | 2 |
| An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2009 | - | 9 |
| Aisíoc ar Airleacan GNBS (*NAMA* ) | - | 35 |
| Ciste Fiachmhúchta | 49 | - |
| Eile | 638 | 658 |
| Iomlán | **2,485** | **1,825** |

Nóta: Is féidir le bailchruinniú dul i bhfeidhm ar shuimeanna iomlána

(1) Is ar bhonn theicniúil Réamh Bhuiséadach atá na figiúirí sna tablaí thuasluaite á sholáthar. Ní chuimsítear iontu aon bheartais nua polasaI a bheidh á fhógairt I dtaca leis an bpróseas Meastacháin agus Buiséadach 2012.

## NÓTA 6
## CAITEACHAS CAIPITIL NEAMH-VÓTÁILTE

| Féach fonóta (1) | 2011<br>€m | 2012<br>€m |
|---|---|---|
| *Íocaíochtaí faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach* | | |
| Aisíocaíochtaí CFRE (*ERDF* ) agus an Chiste Chomhtháthaithe | - | 30 |
| FEOGA | 770 | 800 |
| ***Íocaíochtaí Caipitil eile*** | | |
| Airleacan don earnáil Chomhar-Chreidmheasa | 250 | 250 |
| Síntiús Státchiste don Chiste Cúitimh Árachais | 280 | 396 |
| Íocaíochtaí Nótaí Gealltanais le hinstitiúidí baincéireachta áirithe | 3,085 | 3,085 |
| Athchaipitliú na mBanc | 7,568 | 1,300 |
| Ilnithe | 6 | 5 |
| Iomlán | **11,959** | **5,866** |

Nóta: Is féidir le bailchruinniú dul i bhfeidhm ar shuimeanna iomlána

(1) Is ar bhonn theicniúil Réamh Bhuiséadach atá na figiúirí sna tablaí thuasluaite á sholáthar Ní chuimsítear iontu aon bheartais nua polasaI a bheidh á fhógairt I dtaca leis an bpróseas Meastacháin agus Buiséadach 2012